



Comhairleoir Bainistíochta Scoile: Sonraí Poist agus Nótaí Ginearálta

Post ar iasacht ag tosú ar an 1 Meán Fómhair 2022

Cuireann Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha (CPSMA) tacaíocht agus comhairle ar fáil do Chathaoirligh agus Príomhoidí Bhoird Bhainistíochta in os cionn 2,800 bunscoil faoi phátrúnacht Chaitliceach i bPoblacht na hÉireann. Is é an sprioc atá ag Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha (CPSMA) ná oideachas a chur chun cinn i Scoileanna Caitliceacha i bPoblacht na hÉireann. Freastalaíonn sé ar Bhoird Bhainistíochta, Pátrúin agus Iontaobhaithe na mBunscoileanna Caitliceacha agus iad ag comhlíonadh a bhfreagrachtaí i leith na ndaltaí, múinteoirí agus foirne bunscoileanna atá faoi phátrúnacht Chaitliceach mar atá leagtha síos ina dhoiciméad bunreachta agus san Acht Oideachais 1998. Tá CPSMA mar chuid de Seirbhís an Oideachais Chaitlicigh.

Ní mór do gach iarrthóir ar an ról mar Chomhairleoir Bainistíochta Scoile:

- a bheith cáilithe agus ag obair mar mhúinteoirí/ príomhoidí tánaisteacha/ príomhoidí
- a bheith cláraithe go hiomlán leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Rialachán 2 agus/nó Rialachán 4 de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) 2009
- a bheith i mbun fostaíochta i láthair na huairé i scoil aitheanta nó ar iasacht ó leithéid de phost

Sainchuntas Poist

- Páirt a ghlacadh i bhforbairt straitéiseach CPSMA agus i bhforbairt oideachais i mbunscoileanna Caitliceacha;
- Ag cur seirbhís ghairmiúil agus ar ardchaighdeán ar fáil de Bhoird Bhainistíochta bhunscoileanna Chaitliceacha;
- Cur leis an eagraíocht, oiliúint a cheapadh agus a sholáthar do bhaill agus páirtithe leasmhara;
- Tuairiscí a scríobh agus doiciméid a bhainistiú;
- Abhair agus acmhainní a ullmhú agus a chur ar fáil;
- Tabhairt faoi agus ag riar taighde;
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann CPSMA agus/nó Comhairlí Bainistíochta Bunscoile ar chomhairlí seachtracha de réir mar a theastaíonn;
- Tabhairt faoi thascanna riaracháin de réir mar a theastaíonn ón mBainistíocht.

D'fhéadfadh sé go n-athródh freagrachtaí an Chomhairleora Bainistíochta Scoile i dtaca le riachtanais agus tosaíochtaí an Chumainn agus/nó a shannaíonn an tArd-Rúnaí.

Réimse Eolais, Taithí agus Scileanna atá ag teastáil

Beidh réimse cumais agus scileanna ag an iarrthóir inmhianaithe a oireann don ról, go háirithe:

- Bheith líofa sa Ghaeilge
- Tuiscint a bheith acu ar bhunús an bhunoideachais Chaitlicigh
- Eolas críochnúil a bheith acu ar an mbunoideachas in Éirinn
- Tuiscint a léiriú ar ról an Bhoird Bhainistíochta bunscoile atá faoi phátrúnacht Chaitliceach
- Sárscoileanna idirphearsanta a bheith acu
- Sárscoileanna cumarsáide, cur i láthair agus eagrúcháin a bheith acu
- Ardscileanna scríbhneoireachta agus ilmheán a léiriú
- Scileanna agus feasacht ceannaireachta a bheith acu
- Eitic oibre láidir a léiriú
- Réimse de thaithí teagaisc, eolas maith ar fheidhmiú scoileanna agus ar reachtaíocht ábhartha
- Eolas a bheith acu ar cheisteanna taighde ó thaobh an oideachais reatha agus ceisteanna a thagann chun cinn
- Beith solúbtha le dul i ngleic le riachtanais an Chumainn, chomh maith le toilteanas taistil agus/nó obair sa tráthnóna, de réir mar a theastaíonn
- Taithí mhaith a bheith acu ar ghaiscí a baineadh amach roimhe seo maidir le gnóthachtálacha atá i gcomhréir leis an bpost seo.

Tá sé inmhianaithe a bheith inniúlach ar agus toilteanach oibriú trí mheán na Gaeilge ach níl sé riachtanach.

Suíomh

- Beidh an té a cheapfar ar iasacht le CPSMA atá lonnaithe in Oifig an CPSMA , New House, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, ach tá sé beartaithe go mbeadh socrúithe cianoibre i gceist leis an bpost seo, cé go mbeidh roinnt oibre san oifig riachtanach chomh maith.
- Beidh a modh iompair féin chomh maith le ceadúnas iomlán tiomána ag teastáil ón té a cheapfar.

Comórtas

- Tá an post oscailte do gach múinteoir cáilithe le post aitheanta i mbunscoil aitheanta agus atá lánchláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Rialachán 2 agus/nó Rialachán 4 de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) 2009 nó atá ar iasacht ó leithid de phost.
- Ní dhéanfar aon tairiscint ar cheapachán ach amháin nuair atá cinnteacht go bhfuil iarrathóir oiriúnach don phost ar fáil.

Déanfar an ceapachán ar an mbonn go bhfuil sé ar iasacht, faoi réir conartha. Ceapfar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi chomh luath agus is féidir, le féidireachtaí tuilleadh síntí i dtaca le gnáthnósanna imeachta maidir le hiasachtaí agus ag brath ar riachtanais eagraíochta de chuid CPSMA agus comhlíonadh sásúil.

- Déanfar foráil leanúnach do Chomhrá Gairmiúil agus Athbhreithniú Forbartha (PDDR) mar chuid den chonradh.
- Is iad na gnáthuaireanta oibre ná 9am - 5pm, Luan go hAoine.
- Is gá go mbeadh Sláinte, saoire bhreiteachta agus gnáth thuairisc oibre sásúil.

Dáta Tosaithe

1 Meán Fómhair 2022

Próiseas Iarratais

- Is gá foirm iarratais a sheoladh chuig:
applications@cpsma.ie
Faoi bhráid:
Seamus Mulconry
Ard-Runaí

faoi 5pm ar an Aoine, an cúigiú lá déag de mhí Aibreáin 2022

- Ní chuirfear iarratais dhéanacha san áireamh
- Déanfar gearrliosta iarrthóirí don agallamh i dtaca leis an eolas atá curtha ar fáil san iarratas agus i dtaca le híosriachtanais an phoist mar atá leagtha amach thuas.
- Is ar na hiarrthóirí atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil siad ar fáil sa chás go dtugtar cuireadh dóibh chun agallaimh. Ní chuireann CPSMA tacaíocht airgeadais ar fáil d'iarrthóirí atá ar an ngearrliosta chun freastal ar agallamh.

Is fostóir comhdheiseanna é CPSMA.

Déanfar aon duine a thugann faoi stocaireacht a dhícháiliú.

Foirm cheada Post Reatha

- Is faoin té a cheapfar atá sé aontú a fháil ó Bhord Bainistíochta a scoile a fháil, i dtaca lena scaoileadh óna ról chun tosú sa phost seo.
- Beifear ag súil go mbeidh iarrthóirí a n-éireoidh leis nó léi ar fáil le glacadh le ceapachán ar 1 Meán Fómhair 2022. Beidh gealltanais scaoilte ón mBord Bainistíochta de dhíth. Ar thairiscint a fháil, iarrfar ar an té a cheapfar dearbhú a lorg ó Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta láithreach. Léireoidh an ráiteas sínithe ón gCathaoirleach go bhfuil an Bord Bainistíochta toilteanach an té a cheapfar a scaoileadh